

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1032 ÓN gCOIMISIÚN
an 25 Bealtaine 2023

lena mbunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) i gcríoch an Aontais agus ar a leathadh laistigh di agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 22(3) agus Airteagal 52 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ní liostaítear víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) ('an lotnaid shonraithe') faoi láthair mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, ná mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Mar sin féin, comhlíonann sé na critéir a leagtar amach i bhForoinn 2 de Roinn 3 d'Iarscribhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 le haghaidh réamh-mheasúnú chun lotnaidí a shainithint ar lotnaidí iad a cháilítear go sealadach mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais a gceanglaítear bearta sealadacha ina leith dá dtagraítear in Airteagal 30(1) den Rialachán sin.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ bunaíodh bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach na lotnaide sonraithe san Aontas agus ar a leathadh laistigh de. Tá an Rialachán sin le dul in éag an 31 Bealtaine 2023.
- (3) Tar éis ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191, bailíodh faisnéis eolaíoch níos déanaí maidir le leathadh na lotnaide sonraithe agus maidir le modhanna tástála, agus trí bhithin iniúchtaí a rinne seirbhísí an Choimisiúin soláthraíodh aiseolas maidir le cur chun feidhme na bhforálacha agus tionchar na bhforálacha sin ar an gcosaint i gcoinne leathadh an ghalair. Tugann sé sin údar leis an ngá atá le gníomh nua a ghlacadh a bhfuil bearta níos mionsonraithe ann ná na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán sin.
- (4) Chun an cur chuige is réamhghníomhaí a áirithiú i ndáil le cosaint fiteashláintíochta, ba cheart bearta a bhunú le haghaidh cásanna ina bhfuil amhras ar aon duine laistigh de chríoch an Aontais go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, nó inarb eol d'aon duine go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, agus maidir leis an bhfógra comhfhreagrach a thabhairt don údarás inniúil, agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an údarás sin.

⁽¹⁾ IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

⁽²⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2020 lena mbunaítear bearta chun tabhairt isteach agus leathadh Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) san Aontas a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1615 (IO L 262, 12.8.2020, lch. 6).

- (5) I gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair i gcríoch Bhallstáit, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann limistéar críochaithe a bhunú chun a áirithiú go ndíothófar an lotnaid sin agus go gcuirfeadh cosc ar a leathadh go dtí an chuid eile de chríoch an Aontais. Chun an cur chuige is iomchuí agus is comhréirí a áirithiú, ba cheart rialacha éagsúla a ghlacadh i leith an chríochaithe i gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair i láithreáin táirgthe a bhfuil cosaint fhisiceach acu, ós rud é gur lú an riosca fiteashláintíochta mar gheall ar an gcosaint sin.
- (6) Chun cur chuige níos réamhghníomhaí a áirithiú i ndáil le cosaint chríoch an Aontais ón lotnaid shonraithe, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna bliantúla a dhéanamh maidir le láithreach na lotnaide sonraithe ina gcríoch.
- (7) Ba cheart rialacha a bhunú maidir le haistriú síolta *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus síolta *Capsicum* spp. ('síolta sonraithe'), agus plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta sonraithe, *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus *Capsicum* spp. ('plandaí sonraithe le haghaidh plandú') laistigh den Aontas, ós rud é gur dóichí go mbeidh na síolta sin agus na plandaí sin le haghaidh plandú ina n-óstaí ag an lotnaid shonraithe agus gur dóichí go leathfaidh siad í.
- (8) Ba cheart a áireamh sna rialacha sin, de réir mar is iomchuí don chineál planda agus a tháirgeadh, saoirse ón lotnaid sa láithreán táirgthe, amharc-chigireacht, sampláil agus tástáil, láimhseáil iomchuí baisceanna, agus bearta maidir le máthairphlandaí. Tá gá le cur chuige den sórt sin chun dul in oiriúint do na himthosca teicniúla a bhaineann le gach cás ina dtáirgtear agus ina n-aistrítear na síolta sonraithe agus na plandaí sonraithe.
- (9) Thar gach rud eile, ba cheart don údarás inniúil sampláil agus tástáil a dhéanamh ar gach baic de shíolta sonraithe chun láithreach na lotnaide sonraithe a bhrath. Ba cheart don údarás inniúil nó don oibreoir gairmiúil, de réir mar is infheidhme, tástáil a dhéanamh ar na síolta sonraithe sin sula ndéantar próiseáil bhreise orthu, agus ba cheart go bhfuair iad a bheith saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin. Tá gá leis sin chun críoch an Aontais a chosaint ón lotnaid shonraithe, toisc gurb iad na síolta sonraithe is ábhar tosaigh le haghaidh na bplandaí uile i gceist.
- (10) Chun críoch an Aontais a chosaint ar an lotnaid shonraithe, ba cheart ceanglais a leagan amach maidir le síolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú a thabhairt isteach san Aontas ó thrú tíortha. Ba cheart na ceanglais sin a bheith comhchosúil leis na ceanglais a bhaineann le haistriú na síolta sonraithe agus na bplandaí sonraithe le haghaidh plandú laistigh den Aontas, chun cur chuige neamh-idirdhealaitheach a áirithiú.
- (11) Maidir le síolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, is comhréireach iad a eisiamh ó na ceanglais sin ós rud é go laghdaítear an riosca fiteashláintíochta go dtí leibhéal inghlactha i gcás na bplandaí sin. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.
- (12) Chun rialuithe oifigiúla éifeachtacha a áirithiú i gcoinne an lotnaid shonraithe a theacht isteach san Aontas, ba cheart don údarás inniúil sampláil agus tástáil a dhéanamh ar 20 % ar a laghad de na coinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus de phlandaí sonraithe le haghaidh plandú ag poist rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas, nó ag lárionad rialaithe dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾. Maidir le coinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael agus na Síne, ba cheart ráta tástála 50 % agus 100 %, faoi seach, a bheith i gceist leis sin, mar gheall ar líon níos airde idircheaptha na lotnaide sonraithe i dtráchtearraí de thionscnamh na dtrú tíortha sin.
- (13) Chun a ndóthain ama a thabhairt do na trú tíortha, na húdaráis inniúla agus na hoibreoirí gairmiúla dul in oiriúint d'fhorálacha an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Meán Fómhair 2023. Ar an gcúis sin, agus chun aon bhearna dhlíthiúil a sheachaint, ba cheart dul in éag thréimhse feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 a chur siar ón 31 Bealtaine 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

⁽⁵⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag lárionad rialaithe, agus na cásanna ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcein ó phoist rialaithe teorann, agus na coinneollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64).

- (14) An measúnú iomlán ar an lotnaid shonraithe, chun an riosca a bhaineann leis a chinneadh maidir le críoch an Aontais, tá sé fós ar feitheamh. Ar an gcúis sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2024, chun go mbeidh am ann an measúnú sin a dhéanamh faoin am sin.
- (15) Chun aghaidh a thabhairt go pras ar riosca fiteashláintíochta na lotnaide sonraithe, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.
- (16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) san Aontais agus ar a leathadh laistigh de.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘lotnaid shonraithe’ víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV);
- (b) ciallaíonn ‘plandaí sonraithe’ plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus plandaí *Capsicum* spp., seachas síoltaí sonraithe agus torthaí sonraithe;
- (c) ciallaíonn ‘plandaí sonraithe le haghaidh plandú’ plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí le haghaidh plandú, agus plandaí *Capsicum* spp. le haghaidh plandú, seachas síoltaí sonraithe;
- (d) ciallaíonn ‘síolta sonraithe’ síolta *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus síolta *Capsicum* spp.;
- (e) ciallaíonn ‘torthaí sonraithe’ torthaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus torthaí *Capsicum* spp.

Airteagal 3

Toirmisc a bhaineann leis an lotnaid shonraithe

Ní thabharfar an lotnaid shonraithe isteach, ní aistreofar, ná ní choinneofar í, ní iolrófar í ná ní scaoilfear í laistigh de chríoch an Aontais.

Airteagal 4

Bearta i gcás inarb ann d’amhras nó eolas go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair

1. Aon duine laistigh de chríoch an Aontais a bhfuil amhras air nó arb eol dó go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas agus soláthróidh sé gach faisnéis ábhartha dó maidir le láithreach, nó láithreach amhrasta, na lotnaide sin.
2. Nuair a fhaigheann an t-údarás an fhaisnéis sin, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) déanfaidh sé taifead den fhaisnéis a fuarthas;
- (b) déanfaidh sé na bearta uile is gá chun láithreach nó láithreach amhrasta na lotnaide sonraithe a dheimhniú nó a bhréagnú;

- (c) áiritheoidh sé go ndéanfar aon duine a bhfuil plandaí sonraithe, síolta sonraithe nó torthaí sonraithe faoina rialú a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe, a chur ar an eolas láithreach maidir le:
- (i) láithreacht nó láithreacht amhrasta na lotnaide sonraithe; agus
 - (ii) na rioscaí féideartha a bhaineann leis an lotnaid shonraithe agus na bearta atá le déanamh.

Airteagal 5

Suirbhéanna ar láithreacht na lotnaide sonraithe

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla suirbhéanna bliantúla maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe ina gcóir.
2. Is éard a bheidh i gceist leis na suirbhéanna sin:
 - (a) sampláil agus tástáil mar a leagtar síos san Iarscríbhinn; agus
 - (b) beidh siad bunaithe ar:
 - (i) an riosca measta go dtabharfaí an lotnaid shonraithe isteach sa Bhallstát lena mbaineann agus go leathfaí í laistigh den Bhallstát sin; agus
 - (ii) prionsabail fhóna eolaíocha agus theicniúla maidir leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe a bhrath.
3. Faoin 30 Aibreán gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi thorthaí na suirbhéanna a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin.

Airteagal 6

Bearta i gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair

1. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair i gcóir Bhallstáit, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar bearta iomchuí chun an lotnaid shonraithe a dhíothú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/2031.

Déanfaidh an t-údarás inniúil sin na bearta a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 maidir leis an lotnaid shonraithe.

Ní bheidh feidhm ag na bearta a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 maidir le plandaí sonraithe le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil limistéar críochaithe a bhunú gan mhoill mar a leanas:
 - (a) má tá an lotnaid shonraithe i láthair i láithreáin táirgthe a bhfuil cosaint fhisiceach acu, cuimseoidh an limistéar críochaithe ar a laghad an láithreán táirgthe inar thángthas ar an lotnaid shonraithe;
 - (b) má tá an lotnaid shonraithe i láthair i láithreáin táirgthe seachas na láithreáin dá dtagraítear i bpointe (a), cuimseoidh an limistéar críochaithe na nithe seo a leanas:
 - (i) crios inmhiolaithe lena n-áirítear ar a laghad an láithreán táirgthe inar thángthas ar an lotnaid shonraithe;
 - (ii) crios maolánach de 30 m, ar a laghad, thart timpeall ar an gcrios inmhiolaithe.
3. Sa limistéar críochaithe, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, na nithe seo a leanas:
 - (a) maidir le láithreáin táirgthe atá ceaptha chun plandaí sonraithe le haghaidh plandú a tháirgeadh nó chun síolta sonraithe a tháirgeadh:
 - (i) baisceanna na bplandaí sonraithe le haghaidh plandú atá ionfhabhtaithe, iad sin uile a bhaint agus a scriosadh láithreach, agus i gcás inarb infheidhme, an damhna fáis agus na síolta sonraithe a thagann ó na baisceanna sin a bhaint agus a scriosadh chomh maith. Déanfar an bhaint agus an scriosadh sin ar bhealach nach mbeidh aon bhaol ann go leathfar an lotnaid shonraithe;

- (ii) bearta sonracha sláinteachais a chur i bhfeidhm maidir le pearsanra, struchtúir láithreán táirgthe, uirlisí agus innealra, ábhair agus modhanna iompair, chun cosc a chur ar leathadh na lotnaide sonrathie go dtí na baisceanna eile atá i láthair sa láithreán táirgthe agus go dtí barra leantacha na bplandaí sonrathie nó go dtí láithreáin táirgthe eile;
 - (iii) an damhna fáis a scriosadh nó a chóireáil, ag deireadh na tréimhse curaíochta ar a laghad, ar bhealach nach mbeidh aon bhaol inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe;
- (b) maidir le láithreáin táirgthe atá ceaptha chun torthaí sonrathie a tháirgeadh:
- (i) na plandaí sonrathie ionfhabhtaithe uile a bhaint den láithreán táirgthe agus iad a scriosadh, ag deireadh na tréimhse curaíochta ar a laghad. Déanfar an bhaint ar bhealach nach mbeidh aon bhaol inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe;
 - (ii) bearta sonracha sláinteachais a chur i bhfeidhm maidir le pearsanra, struchtúir láithreán táirgthe, uirlisí agus innealra, ábhair agus modhanna pacála agus iompair na dtorthaí, chun cosc a chur ar leathadh na lotnaide sonrathie go dtí barra leantacha na bplandaí sonrathie nó go dtí láithreáin táirgthe eile;
 - (iii) an damhna fáis a scriosadh nó a chóireáil ag deireadh na tréimhse curaíochta ar a laghad ar bhealach nach mbeidh aon bhaol inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe.

Airteagal 7

Na plandaí sonrathie le haghaidh plandú a aistriú laistigh den Aontas

1. Ní fhéadfar na plandaí sonrathie le haghaidh plandú a aistriú laistigh den Aontas ach amháin má tá pas plandaí ag gabháil leo, arna eisiúint tar éis don údarás inniúil nó don oibreoir gairmiúil a theacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha seo uile a leanas:

- (a) díorthaítear na plandaí sonrathie le haghaidh plandú ó shíolta sonrathie a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 8 agus 10;
- (b) fásadh na plandaí sonrathie le haghaidh plandú i láithreán táirgthe arb eol nach dtagann an lotnaid shonraithe chun cinn ann, ar bhonn cigireachtaí arna ndéanamh an tráth iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath;
- (c) plandaí sonrathie le haghaidh plandú a raibh siomptóim na lotnaide sonrathie orthu, rinne an t-údarás inniúil sampláil agus tástáil orthu, agus léiríodh leis na tástálacha sin go bhfuil na plandaí sin saor ón lotnaid shonraithe;
- (d) coinníodh na baisceanna plandaí sonrathie le haghaidh plandú ar leithligh ó na baisceanna eile plandaí sonrathie, trí bhearta sláinteachais iomchuí a chur a bhfeidhm.

Sampláil i ndáil le tástáil, dá dtagraítear sa mhír seo, déanfar é mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 i ndáil le pas plandaí a eisiúint, ní bheidh feidhm acu maidir le plandaí sonrathie le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonrathie. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta.

Airteagal 8

Na síolta sonrathie a aistriú laistigh den Aontas

1. Ní fhéadfar na síolta sonrathie a aistriú laistigh den Aontas ach amháin má tá pas plandaí ag gabháil leo, arna eisiúint tar éis don údarás inniúil nó don oibreoir gairmiúil a theacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) táirgeadh na máthairphlandaí ónar tháinig na síolta sonrathie i láithreán táirgthe arb eol nach dtagann an lotnaid shonraithe chun cinn ann, ar bhonn cigireachtaí arna ndéanamh an tráth iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath;

- (b) i gcás bairc de shíolta sonraithe a thagann ó níos mó ná 30 máthairphlanda, rinne an t-údarás inniúil, roimh an bpróiseáil, sampláil agus tástáil ar an mbairc sin de shíolta sonraithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn maidir le láithreach na lotnaide sonraithe, nó rinne na hoibreoirí gairmiúla sampláil agus tástáil ar an mbairc sin faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, agus fuarthas go raibh sí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin. Tugadh fógra don údarás inniúil faoi láithreach na lotnaide sonraithe i gcás inarb ann di, agus ní aistreofar na bairceanna de shíolta sonraithe ionfhabhtaithe laistigh de chríoch an Aontais;
- (c) i gcás bairc de shíolta sonraithe a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinne an t-údarás inniúil sampláil agus tástáil, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, maidir le láithreach na lotnaide sonraithe, nó rinne na hoibreoirí gairmiúla sampláil agus tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil ar na síolta sonraithe nó ar gach máthairphlanda ónar tháinig na síolta sonraithe sin. Fuarthas go raibh na síolta sonraithe nó na máthairphlandaí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin. Tugadh fógra don údarás inniúil faoi láithreach na lotnaide sonraithe i gcás inarb ann di, agus ní aistreofar na bairceanna de shíolta sonraithe a thagann ó na máthairphlandaí ionfhabhtaithe laistigh de chríoch an Aontais;
- (d) i gcás ina mbeidh amhras faoin lotnaid shonraithe a bheith i láthair, is iad na húdaráis inniúla amháin a dhéanfaidh an tsampláil agus an tástáil i gcomhréir le hAirteagal 87(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2016/2031;
- (e) déantar tionscnamh gach bairc de shíolta sonraithe a thaifeadh agus a dhoiciméadú.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointí (a), (b), (c) agus (d), síolta sonraithe a sábháladh roimh an 31 Lúnasa 2023 agus ar chinn an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil lena mbaineann gur chomhlíon siad ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 sular aistríodh laistigh den Aontas iad den chéad uair, féadfar iad a aistriú laistigh den Aontas agus pas plandaí ag gabháil leo lena bhfianaítear comhlíonadh na gceanglais sin.

3. Na bairceanna de shíolta sonraithe a aistríodh laistigh den Aontas den chéad uair ó bhí 1 Aibreán 2021 ann, agus a ndearnadh tástáil orthu roimh an 30 Meán Fómhair 2020 leis an modh measúnachta imdhionsúiteachta einsímnaicthe (ELISA), déanfar tástáil orthu arís le modh tástála seachas ELISA, dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn.

4. Déanfar an tsampláil agus tástáil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

5. Na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 i ndáil le pas plandaí a eisiúint, ní bheidh feidhm acu maidir le síolta sonraithe de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta.

Airteagal 9

Na plandaí sonraithe le haghaidh plandú a thabhairt isteach san Aontas

1. Plandaí sonraithe le haghaidh plandú, seachas plandaí sonraithe le haghaidh plandú a bhaineann le cineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, de thionscnamh tríú tíortha, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo ina n-áirítear na gnéithe seo a leanas faoin gceannteideal 'Dearbhú breise':

- (a) ráiteas oifigiúil go ndíorthaítear na plandaí sonraithe le haghaidh plandú ó shíolta a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10;
- (b) ráiteas oifigiúil gur táirgeadh na plandaí sonraithe le haghaidh plandú i láithreán táirgthe atá cláraithe ag eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh agus atá faoi mhaoirseacht na heagraíochta sin, agus arb eol go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe ar bhonn cigireachtaí oifigiúla, samplála agus tástála arna ndéanamh an tráth iomchuí chun an lotnaid shonraithe sin a bhrath;
- (c) ainm an láithreáin táirgthe chláráithe.

2. Plandaí sonraithe le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, de thionscnamh tríú tíortha, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo lena ndeimhnítear an fhrithsheasmhacht sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise'.

*Airteagal 10***Na síolta sonraithe a thabhairt isteach san Aontas**

1. Síolta sonraithe de thionscnamh tríú tíortha, seachas síolta sonraithe a bhaineann le cineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo ina n-áirítear na gnéithe uile seo a leanas faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise':

(a) ráiteas oifigiúil gur comhlíonadh na coinníollacha uile seo a leanas:

- (i) táirgeadh na máthairphlandaí ónar tháinig na síolta sonraithe lena mbaineann i láithreán táirgthe arb eol nach dtagann an lotnaid shonraithe chun cinn ann, ar bhonn cigireachtaí arna ndéanamh an tráth iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath;
- (ii) i gcás baisc de shíolta sonraithe a thagann ó níos mó ná 30 máthairphlanda, rinneadh sampláil oifigiúil agus tástáil oifigiúil, roimh an bpróiseáil, ar an mbaisc sin de shíolta sonraithe maidir leis an lotnaid shonraithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn agus fuarthas go raibh sí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin;
- (iii) i gcás baisc de shíolta sonraithe a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinneadh sampláil agus tástáil, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar na síolta sonraithe, nó ar gach máthairphlanda ónar tháinig na síolta sonraithe sin. Fuarthas go raibh na síolta sonraithe nó na máthairphlandaí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin;

(b) faisnéis lena n-áiríthítear inrianaitheacht láithreán táirgthe na máthairphlandaí.

2. Síolta sonraithe de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, de thionscnamh tríú tíortha, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo lena ndeimhnítear an fhrithsheasmhacht sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise'.

3. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), síolta sonraithe a sábháladh roimh an 31 Lúnasa 2023 agus ar cinneadh ina leith sular tugadh isteach san Aontas iad gur chomhlíon siad ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191, féadfar iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo ina luaitear an ráiteas seo a leanas faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': 'Sábháladh na síolta seo roimh an 31 Lúnasa 2023 agus cinneadh go gcomhlíonann siad Rialachán (AE) 2020/1191'.

*Airteagal 11***Seiceálacha oifigiúla le linn an tabhairt isteach san Aontas**

Déanfaidh an t-údarás inniúil sampláil agus tástáil ar 20 % ar a laghad de choinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú ag poist rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas, nó ag lárionad rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Maidir le coinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael agus na Síne, is 50 % agus 100 %, faoi seach, an ráta tástála a bheidh i gceist.

*Airteagal 12***Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191**

In Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191, cuirtear '31 Lúnasa 2023' in ionad an dáta '31 Bealtaine 2023'.

*Airteagal 13***Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Scéimeanna samplála maidir le síolta sonraithe, seachas síolta de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe

Déanfar sampláil ar shíolta le tástáil faoi na scéimeanna samplála seo a leanas de réir na mbaisceanna síolta dá dtagraítear sna táblaí ábhartha den Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta, Uimh. 31, 'Modheolaíochtaí maidir le sampláil coinsíneachtaí' (ISPM31):

- a) i gcás baisc síolta a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin:
 - scéim samplála hipirgeoiméadrach a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 10 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %; nó
 - tástáil gach máthairphlanda ón mbaisc síolta;
- b) i gcás baisc síolta ina bhfuil 3 000 síol nó níos lú: scéim samplála hipirgeoiméadrach a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 10 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %;
- c) i gcás baisc síolta ina bhfuil níos mó ná 3 000 síol ach nach bhfuil níos mó ná 30 000 síol inti: scéim samplála a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 1 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %;
- d) i gcás baisc síolta ina bhfuil níos mó ná 30 000 síol: scéim samplála a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 0.1 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %.

Beidh uasmhéid 1 000 síol i ngach foshampla le haghaidh modhanna imoibríthe shlabhrúil polaiméaraise (ISP).

2. Scéimeanna samplála maidir le plandaí sonraithe, seachas plandaí de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe

- a) I gcás na bplandaí sonraithe sin, baileofar sampla amháin ar a laghad de suas le 200 duilleog óg ó bharr an phlanda, nó de sheipil ó thorthaí, in aghaidh an láithreáin táirgthe agus in aghaidh na saothróige nuair is infheidhme.
- b) I gcás plandaí a bhfuil siomptóim orthu, déanfar an tsampláil i ndáil le tástáil ar 3 dhuilleog ar a laghad a bhfuil siomptóim orthu.
- c) I gcás tástáil máthairphlandaí, baileofar duilleoga óga ó bharr an phlanda, nó seipil ó thorthaí, de réir mar is iomchuí.

3. Modhanna tástála chun an lotnaid shonraithe ar shíolta a bhrath agus a shainaithint, seachas síolta de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe

Úsáidfear ceann de na modhanna tástála seo a leanas chun an lotnaid shonraithe ar na síolta sonraithe a bhrath:

- imoibriú slabhrúil polaiméaraise cúl-trascríoptáise fíor-ama agus úsáid á baint as na prímeálaigh agus na tóireadóirí a thuairiscítear sa phrótacal ISF (2020) ⁽¹⁾;
- imoibriú slabhrúil polaiméaraise cúl-trascríoptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir Menzel agus Winter (2021) ⁽²⁾;
- imoibriú slabhrúil polaiméaraise cúl-trascríoptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir ó Bernabé-Orts *et al.* (2021) ⁽³⁾.

I gcás toradh deimhneach ar an tástáil bhraite, déanfar modh tástála eile, nach ionann agus an modh braite a úsáideadh, le ceann de na modhanna imoibríthe slabhrúil polaiméaraise cúl-trascríoptáise fíor-ama a liostaítear thuas, agus úsáid á baint as an sampla céanna chun an tsainaithint a dheimhniú. Maidir le síolta brataithe, i gcás ina bhfuil neamhréir idir na torthaí a fhaightear le haghaidh an bhraite agus na torthaí a fhaightear le haghaidh na sainaitheanta, bainfear bratú na síolta agus déanfar tástáil ar na síolta arís, más infheidhme.

⁽¹⁾ An Cónaidhm Idirnáisiúnta um Shíolta (ISF) (2020) *Detection of Infectious Tomato brown rugose fruit virus (ToBRFV) in Tomato and Pepper Seed*. <https://worldseed.org/our-work/seed-health/jishi-methods/>, version 1.5, upload 29/03/2023.

⁽²⁾ Menzel, W. & Winter, S. (2021). *Identification of novel and known tobamoviruses in tomato and other solanaceous crops using a new pair of generic primers and development of a specific RT-qPCR for ToBRFV*. *Acta Horticulturae* 1316, lgh. 143–148.

⁽³⁾ Bernabé-Orts, J.M., Torre, C., Méndez-López, E., Hernando, Y., Aranda, M.A. (2021) *New Resources for the Specific and Sensitive Detection of the Emerging Tomato Brown Rugose Fruit Virus*. *Viruses* 13, 1680.

4. Modhanna tástála chun an lotnaid shonraithe ar na plandaí sonraithe a bhrath agus a shainithint, seachas plandaí de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, agus ar na torthaí sonraithe

Úsáidfead ceann de na modhanna tástála seo a leanas chun an lotnaid shonraithe ar na plandaí sonraithe a bhrath, seachas plandaí de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, agus ar na torthaí sonraithe:

- ELISA, le haghaidh ábhar a bhfuil siomptóim air agus le haghaidh sin amháin;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríptáise gnásúil agus úsáid á baint as prímeálaigh Alkowni *et al.* (2019) ⁽⁴⁾;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríptáise gnásúil agus úsáid á baint as prímeálaigh Rodriguez-Mendoza *et al.* (2019) ⁽⁵⁾;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríptáise fíor-ama agus úsáid á baint as na prímeálaigh agus na tóireadóirí a thuairiscítear sa phrótacal ISF (2020) ⁽⁶⁾;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir Menzel agus Winter (2021) ⁽⁷⁾;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir ó Bernabé-Orts *et al.* (2021) ⁽⁸⁾

I gcás toradh deimhneach ar an tástáil bhraite, déanfar modh tástála eile, nach ionann agus an modh braite a úsáideadh, le ceann de na modhanna imoibríthe slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríptáise a liostaítear thuas, agus úsáid á baint as an sampla céanna chun an tsainithint a dheimhniú.

⁽⁴⁾ Alkowni, R., Alabdallah, O., Fadda, Z. (2019) *Molecular identification of tomato brown rugose fruit virus in tomato in Palestine*. *Journal of Plant Pathology* 101(3), 719–723.

⁽⁵⁾ Rodríguez-Mendoza, J., García-Avila, C.J., López-Buenfil, J.A., Araujo-Ruiz, K., Quezada, A., Cambrón-Crisantos, J.M., Ochoa-Martínez, D.L. (2019) *Identification of Tomato brown rugose fruit virus by RT-PCR from a coding region or replicase*. *Mexican Journal of Phytopathology* 37(2), 346–356.

⁽⁶⁾ An Cónaidhm Idirnáisiúnta um Shíolta (ISF) (2020) *Detection of Infectious Tomato brown rugose fruit virus (ToBRFV) in Tomato and Pepper Seed*. <https://worldseed.org/our-work/seed-health/ishi-methods/>, version 1.5, upload 29/03/2023.

⁽⁷⁾ Menzel, W. & Winter, S. (2021). *Identification of novel and known tobamoviruses in tomato and other solanaceous crops using a new pair of generic primers and development of a specific RT-qPCR for ToBRFV*. *Acta Horticulturae* 1316, lgh. 143–148.

⁽⁸⁾ Bernabé-Orts, J.M., Torre, C., Méndez-López, E., Hernando, Y., Aranda, M.A. (2021) *New Resources for the Specific and Sensitive Detection of the Emerging Tomato Brown Rugose Fruit Virus*. *Viruses* 13, 1680.